Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 17 Nollaig 2025**

**CM 5459/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0236(COD)**

**CODEC
SIMPL
ANTICI
AGRI
AGRIFIN
FIN
COH
PROCED**

**TEACHTAIREACHT**

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | codecision.adoption@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32.2.281.3917 |
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann leis an gcóras coinníollachta, cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochta dírí, cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe agus tuarascálacha forbartha tuaithe agus tuarascálacha feidhmíochta bliantúla agus Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le híocaíochtaí a chur ar fionraí agus imréiteach feidhmíochta bliantúil agus rialuithe agus pionóis **(an chéad léamh)**<br>– An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>– Formheas an dearbhaithe ón gComhairle |

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) an 10 Nollaig 2025, an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, iarrtar oraibh a chur in iúl an aontaíonn sibh leis an méid a leanas:

1. an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann leis an gcóras coinníollachta, cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochta dírí, cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe agus tuarascálacha forbartha tuaithe agus tuarascálacha feidhmíochta bliantúla agus Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le híocaíochtaí a chur ar fionraí agus imréiteach feidhmíochta bliantúil agus rialuithe agus pionóis, mar a leagtar amach in PE-CONS 49/25 é, a ghlacadh;

2. an dearbhú ón gComhairle a ghabhann leis, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an teachtaireacht seo é, a fhormheas.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra ar gach ceist.**

Is tráth a fhreagraítear na ceisteanna ba cheart aon ráiteas, a chuirfear leis an ráiteas in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an teachtaireacht seo, a dhéanamh.

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle **a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí faoin Déardaoin, an 18 Nollaig 2025 ar 11.00 (am na Bruiséile)** agus ba cheart iad a sheoladh chuig: **codecision.adoption@consilium.europa.eu**.

**IARSCRÍBHINN I**

**Dearbhú ón gComhairle**
**maidir le haitheantas a thabhairt don phrionsabal 'comhroinnt uair amháin, athúsáid arís agus arís eile'**

Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar idir-inoibritheacht na gcóras sonraí a choinnítear i riaracháin náisiúnta agus formhuiníonn sí an prionsabal 'comhroinnt uair amháin, athúsáid arís agus arís eile' toisc gur féidir an t-ualach ar fheirmeoirí a laghdú leis, agus tuairisciú iolrach na sonraí céanna á sheachaint.

Tá an Chomhairle tiomanta do riaracháin náisiúnta a dhigitiú agus a nuachóiriú a thuilleadh agus tugann sí dá haire go bhfuil na riaracháin náisiúnta ag infheistiú cheana féin i gcórais sonraí idir-inoibritheacha úrscothacha.

I bhfianaise na hoibre is gá chun na forálacha maidir le hidir-inoibritheacht a chur chun feidhme, agus na n-athruithe i gcórais TF a eascraíonn as an togra seo ag an gcéim seo den chlárthréimhse reatha atá go mór chun cinn, measann an Chomhairle nach bhfuil an prionsabal 'comhroinnt uair amháin, úsáid arís agus arís eile' le cur san áireamh i bpacáiste Omnibus III agus gur cuid den togra é don chéad chlárthréimhse eile. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh di gur cuireadh forálacha isteach sa togra ón gCoimisiún maidir le CBT tar éis 2027 agus tá sí réidh le dul i mbun idirphlé maidir leis an mbealach is fearr chun cuspóirí an phrionsabail 'comhroinnt uair amháin, úsáid arís agus arís eile' a bhaint amach.

Tá an Chomhairle réidh le tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun idir-inoibritheacht sonraí a fheabhsú idir córais faisnéise a úsáidtear chun CBT a chur chun feidhme, a riar, chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air ar mhaithe le feirmeoirí agus tairbhithe eile CBT.

**IARSCRÍBHINN II**

**Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach**
**maidir le DRTC 5 'Bainistiú ar churaíocht chun baol an díghrádaithe ithreach a laghdú, lena n-áirítear breithniú fána'**

Is é cur chuige an Choimisiúin cuspóir DRTC 5 a choinneáil ar bun, chun bainistiú íosta talún a áirithiú lena léirítear na dálaí a bhaineann go sonrach leis an suíomh chun creimeadh ithreach a theorannú, agus é á áirithiú an tráth céanna go leanfaidh an cur chun feidhme de bheith praiticiúil, rioscabhunaithe agus cothrom a mhéid a bhaineann le feirmeoirí, agus go mbeidh sé go hiomlán comhsheasmhach le cuspóirí foriomlána simpliúcháin, inbhuanaitheachta agus freagartha ar ghéarchéimeanna an Chomhbheartais Talmhaíochta Ó bhí 2024 ann, mar thoradh ar an gcéad leasú simpliúcháin ar CBT, bíonn níos mó solúbthachta ag na Ballstáit maidir le DRTC 5 a shainiú agus a chur chun feidhme.

Mar thoradh ar ghlacadh an Omnibus simpliúcháin sin agus gníomh simpliúcháin 2024 á chur san áireamh, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú faoin 31.12.2025 ar na doiciméid lena soiléirítear an reachtaíocht, mar chuid dá iarracht leanúnach simpliúcháin, chun a áirithiú go bhféadfaidh na Ballstáit tairbhe iomlán a bhaint as na simplithe a bheidh ar fáil ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfar ábhar aon doiciméid den sórt sin a shoiléiriú agus a mhodhnú i gcás inar gá, rud a léireoidh an creat dlíthiúil nua agus an gá atá le rialacha a chur chun feidhme go comhréireach agus go pragmatach.